# An Chéad Scéal Mór Eile

<u>**An Dúshlán**</u>

**Teastaíonn cunamh ó Charlie. Tá sé rite amach as smaointí d'aireagáin nua. An féidir leat ceann a cheapadh? Céard a bheadh ann?**
**An mbeifeá in ann é a dhearadh do mhonarcha Charlie?**



Nuacht an

Dé Máirt, . 10ú Samhain202006

Teastaíonn Cúnamh ó Cha

50 bliain ó thainig Charlie Bucket, in áit Willie Wonka sa mhonarcha seacláide, tá sé rite amach as smaointí d'aireagáin nua. Táimid in ann a dhearbhú go bhfuil sé in ísle brí agus teastaíonn cúnamh go géar uaidh. An bhfuil tusa in ann cabhrú? Gheobhaidh an t-aireagóir, leis an smaoineamh nó an dearadh is fearr, post i monarcha Wonka, mar phríomhaireagóir. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi seo ar shuíomh an mhonarchan Wonka. Go n-eirí libh.

**Sula dtosaíonn tú,** b'fhéidir go gcabhródh sé leat cuid do na haireagáin atá sa mhonarcha cheana féin a iniúchadh. An cuimhin leat an eas a mhaistríonn seacláid? An ballapháipéar atá tú in ann a lí? An meaisín a dhear an síorgobstopper?

**Critéir Molta**: (Caithfidh tú do dhearadh a tharraingt)

- Cén úsáid a bhainfí as an meaisín?
- Cuir lipéid ar an dearadh, na hábhair srl. a theastaíonn chun é a chruthú.
- Cuir isteach aon luamháin, rothaí fiaclacha, sreangáin srl. a chabhraíonn leis an meaisín le gluaiseacht/hoibriú.
- Muna bhfuil do phlean déanta de réir scála, cuir isteach na toisí. Scríobh alt faoin gcaoi a n-oibróidh an meaisín.

** Beidh pointí breise tugtha do léiriú agus do mhaisiú.*

**Achair ama:**

- Tabhair achair ama, chun an tionscadal a dhéanamh. Cabhraíonn sé le scileanna féinbhainistíochta a fhorbairt i rith foghlaim neamhspleách.

**Leathnú:**

- Dear suirbhé, chun a fháil amach céard a cheapann do chairde faoi do mheaisín. Smaoinigh go cúramach faoi na ceisteanna a chuirfidh tú isteach. D'fheadfadh an suirbhé a bheith i bhfoirm scríofa, gearrthóg fuaime ar Seesaw mar shampla, nó i bhfoirm digiteach (Foirmeacha Google nó Mentimeter).
- Úsáid buiséad. Déan buiséadú don chostas iomlán. B'fhéidir go mbeadh nasc chuig siopa DIY, cabhrach.
- Dear agus dean samhail do do mheaisín. Lean an próiseas seo – ag iniúchadh, ag pleanáil, ag deánamh, agus ag meastóireacht.
- Déan taighde margaidh le do rang. Cé mhéad daltaí a thaitin an smaoineamh leo? Céard a athródh siad?
- Dear straitéis margaíochta chun an dearadh a dhíol ar 'Dragons Den'. D' fheadfaí dearthaí don phacáistíocht, meastachán ar na costaisí táirgthe agus na brabúis, a chur san áireamh.
- Úsáid teicneolaíocht dhigiteach – Windows Movie Maker, Adobe Spark srl. chun fógra teilifíse nó raidió nó postaeir a chruthú/a thaifead.

**Tacú/Leagan níos simplí:**

- Dear milseán do Charlie. Céard a thaitneodh le do chara. Oibrigh leo.
- Cén milseán is fearr leat? Céard a d'fheadfaí a dhéanamh leis chun é a dhéanamh níos fearr? An mbeidh sé milis, searbh, fiosaí srl.?
- Déan cuir i láthair ó bhéal le 'Dragons Den' chun do smaoineamh don mhilseán a dhíol. Déan taifead air.